Clodagh Ní Mhaoilchiaráin
Príomhoide Ghaelscoil Bhaile Brigín.

# NEAMHORD DE CHUID SPEICTREAM AN UATHACHAIS SA SCOIL LÁN-GHAEILGE AGUS GAELTACHTA

# Leagan amach na Ceardlainne



# Neamhord de chuid Speictream an Uathachais

NSU úsáidte ag Wing don chéad uair in 1996 (NCSE, 2008)

## An Neamhord Uathachais

- 1943 – Kanner, John Hopkins
- “Uathachas Leanbaí”
- grúpa nár éirigh leo forbairt mar is gnáth i réimsí na hidirghníomhaíochta sóisialta agus na cumarsáide agus a d’éirigh trína chéile i gcomhthéasc an athraithe . (ROS 2001)

## Siondróm Asperger

- 1944 – Asperger, Vín
- tréithe céanna i ngrúpa páistí, ach amháin go raibh intleacht sa mheánréimse agus go raibh cumas teanga struchtúrtha acu (ROS 2001)

## PDD-NOS

- Aithníodh PDD-NOS mar chuid den neamhord sna 80í i bpáistí a léirigh lagú amháin, go leibhéal forleatach, i gceann den 3 Laguithe . (ROS 2001)
- PDD-NOS – Pervasive Developmental Disorder – Not Otherwise Specific (ROS 2001)

# Saintréithe na dTrí Lagú

ROS (2001); Hill agus Frith (2003); ROS (2006) DSM-IV

## Bac ar Idirghníomhaíochtaí Sóisialta

- easpa tuisceana sóisialta
- easpa feasachta i dtaobh noirm shóisialta
- a bheith neamhfhreagrúil do dhaoine eile

## Bac ar Chumarsáid

- lagú nó moill teanga
- deacrachtaí tuisceana/prosóide
- deacrachtaí le teanga phragmatach
- teanga neamhghnách nó athráiteach

## Bac ar shamhlaíocht nó ar sholúbthacht.

- deacrachtaí pleanála
- dírithe ar shuim faoi leith
- athghníomhaireacht theoranta

# Saintréithe an Dá Lagú

(Lord & Bishop (2015), DSM-V)

## Bac Sóisialta agus Cumarsáide

(is gá bac a léiriú i ngach cheann den 3 réimse

- deilíneacht shóisialta agus mhothúchánach
- iompar neamhbhriathartha d'idirghníomhaíocht shóisialta
- forbairt, coinneáil agus tuiscint ar ghaoil agus oiriúnú do chomhthéacsanna sóisialta éagsúla.

## Iompar Srianta, atriallach

(4 phrionsabal)

- gluaiseacht, teanga nó úsáid earraí atriallach nó steiréitíopáil
- áitiú ar chéannacht, cloí docht le gnáthaimh, pátrúin in iompar (neamh)bhriarthartha
- Spéiseanna fosaithe faoi leith atá mínormalach ó thaobh fócais agus díocais de
- Hipirghníomhaíocht nó hipighníomhaíocht maidir le hionchur ilchéadfach nó spéis neamhchoitianta i ngnéithe ilchéadfacha den timpeallacht.

# Leitheadúlacht

2001 39 rang NSU

(McCoy et al 2014)

2016 – 582 Rang NSU (NCSE 2016)

2018 – 781 rang

2019 +100 sa bhreis

SNU sa chóras LG – 2008

3% de pháistí RSO, NSU (Nic Gabhann (2008)

2016 – 13% de pháistí a bhfuil RSO acu, NSU atá ann. 2ú RSO is coitianta sa chóras LG/3ú sa Ghaeltacht (Barrett 2016)

2011 – 1ú rang NSU I nGaelscoil

2018 – 8 nGaelscoil

5 scoil Ghaeltachta

# An Dátheangachas agus NSU

- Easpa taighde in Éirinn
- Fás ag teacht ar an taighde ar bonn idirnáisiúnta le 15 bl.
- Torthaí dearfacha ag teacht chun cinn
- Tábhachtach dúinn, mar oideachasóirí tuiscint a bheith againn ar an taighde
- Tá móramh na bpáistí a bheirtear ina gconaí i sochaí dhátheangach (CDC 2012)– tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine le NSU, mar sin tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine dhátheangacha le NSU.

# Sraicfhéachaint ar an Taighde

Peterson et al (2012)

- Níl difríocht i réimse na tuisceana léascaí, scileanna teanga ginearálta ná aschur foclóra

Ohashi et al (2012)

- Níl difríocht i réimse na teanga glacaí, cur in iúl friostal ná réimse na teanga feidhmní

# Sraicfhéachaint ar an Taighde

**Kay-Raining Bird et al (2012)**

- Níl difríocht i réimse na teanga glacaí ná cur in iúl, ná i scileanna léitheoireachta ná scríbhneoireachta

**Reetzke et al (2015)**

- Níl difríocht i réimse na teanga pragmataice ná struchtúrtha

# Tionchar mheon na nGairmithe

Áfach, tá "…. Prevalent belief in clinical settings that bilingually exposed children with ASDs may experience additional delays in language development" (Hambly & Fombonne 2011)

Gá a bheith aireach faoi seo, go háirithe do pháistí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga

**Moladh diriú ar theanga amháin**

**Kamer-Sadlick (2005)**

* Chaill páiste amháin a fhéiniúlacht Sínise

* Stop páiste ag glacadh páirte i ndéantús an teaghlaigh nuair a labhair siad Sínis.

**Whareton et al (2000)**

- Bhí deacrachtaí ag tuismitheoirí nasc mothúnchánach a chruthú leis an bpáiste toisc teanga a athrú

**Yu (2013)**

- In ainneoin easpa taighde, moltar go minic nár cheart ach Béarla a úsáid

- Ta sé seo ag dul i gcoinne treorach a thugtar do theirpeoirí urraim a thabhairt do chultúr agus teanga an teaghlaigh

**Jegatheesan (2011)**

- Clanna ag ceilt teanga an bhaile ón teiripeoir

- Iarraidh ar thaighdeoir dul i bhfeidhm ar chinneadh clainne

“If I sent him to a Gaelscoil, I was setting him up for failure”

“It was totally against advice, but, yeah, I knew it was the best place for him”

“It’s very upsetting, it’s always in the back of your mind that a professional said don’t do it..it’s really weighted”

**Moladh gan freastal ar an gCóras LG**

**(Ní Mhaoilchiaráin 2017)**

“You’re so dependent on them, what they’re telling you – you just feel lost”

“our relationship nearly broke down”

“She actually did come back about a year later and said that she’d been on a seminar, she apologized and said you know, you were right, you went with your instinct”

# Rang NSU a bhunú
# Ceisteanna comónta ó scoileanna



# Bunphrionsabail na huileghabhálachta

- Micléinn agus foireann a luacháil go cothrom
- Rannpháirtíocht na ndaltaí a mhéadú i gcultúir, i gcuraclam agus I gcomhphobail na scoileanna áitiúla
- Ag laghdú na gcontasc do rannpháirtíocht an uile dalta
- Ag foghlaim agus ag forbairt
- Ag breathnú ar difríochtaí idir scoláirí mar acmhainn chun tacaíocht a thabhairt don fhoghlaim, seachas mar bhac le sárú.

# Bunphrionsabail na hIdirghabhálachta

- Ag aithint cearta gach dalta oideachas a fháil go háitiúil
- Ag feabhsú scoileanna do mhúinteoirí, chomh maith le daltaí
- Ag cur béime ar ról na scoile i dtógáil pobail agus ag cothú luachanna
- Ag cothú gaoil idir scoileanna agus pobail
- Ag aithint gur gné amháin de shochaí uileghabhálach é an scoil uileghabhálach
- “ inclusion…increasing capacity of schools to respond to the diversity of students in their local community in ways that treat them all of equal value (Slee, 2001)

# Cleachtais Thacaíochta

| | | |
|---|---|---|
| Ionchar Teanga | Am proiseála | Struchtúr an Lae |
| Bog | Spéiseanna Speisialta | Timpeallacht an Ranga |

# Cleachtais Thacaíochta

- Áit chiúin
- Áiseanna Concréideacha
- Ionad Oibre Aonarach
- Rialacha soiléire, aontaithe
- Rang speisialta - gaol idir na múinteoirí

# Tuismitheoirí

- “Historically many parents have been viewed as peripheral, in some circumstances as obstacles, or even adversaries” (Stoner et al. 2005)
- 99% de thuismitheoirí agus ghairmithe: gá le níós mó tacaíochta agus treorach de dhíth
- Formhór na dtuistí an-mhíshásta leis an bpróiséas imeachta maidir le diagnóis a fháil agus teacht ar thacaíochtaí cuí (ROS 2006)
- Faoin am go dtosaíonn siad leis an gcóras Oideachais, easpa muiníne acu sa chóras poiblí cheana féin

# Tuismitheoirí

- Strus sa bhreis ar thuistí
- Cuireann tuismitheoirí an-bhéim agus an-tábhacht ar shaineolas mtrí agus cabhraíonn sé le dea-chaidreamh agus muinín a fhorbairt
- Caidreamh oscailte, laethúil – go minic ní féidir nó níl suim ag na páistí a chur in iúl sa bhaile céard a tharla ar scoil
- Dialann laethúil

# Moltaí

- Lorg fianaise nuair a dhéantar aon mholadh
- Dírigh ar fhorbairt scileanna cumarsáide m.sh PECs
- Cinntigh go dtógtar comhthéacs na clainne san áireamh
- Lorg na tacaíochtaí ó na seirbhísí tacaíochta – ó oiliúnóirí/sheirbhísí/chigirí
- Fearas – easnamh ann; lorg, lorg, lorg
- Dualgas orainn ár ngutha a úsáid – muna iarrann muid, ní bhfaighfidh muid

# Focal Scoir

- "language development is like distance running – some finish at speed, some finish slower ….there are hurdles but few insurmountable barriers to children reaching whatever bilingual language destination is possible" (Baker, 2007, lch 50)

- An rud is tábhachtaí ná oscailteachas, meon, díogras, saineolas agus toil scoile chun freastal a dhéanamh ar na páistí ós a gcomhair, seachas teanga na scoile

# Focal Scoir

- “changing the language of input or even the number of languages in the input will not cure or even improve the child’s underlying difficulty with language” (Kohnert, 2007, lch 143).

- “children are born ready to become bilingual and multilingual” (Colin Baker, 2007, lch 28)